**Leasú 148**
**Carlo Fidanza, Pietro Fiocchi**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0056/2024**
**Cyrus Engerer**
Bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl (Treoir maidir le Maímh Ghlasa)
(COM(2023)0166 – C9-0116/2023 – 2023/0085(COD))

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe k**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (k) ***Treoir 94/62/CE*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[105] ; | (k) ***(k) Rialachán [AE] …/…*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE***; |

***[105] Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10).***

Or. en

6.3.2024 A9-0056/149

**Leasú 149**
**Pietro Fiocchi, Carlo Fidanza**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0056/2024**
**Cyrus Engerer**
Bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl (Treoir maidir le Maímh Ghlasa)
(COM(2023)0166 – C9-0116/2023 – 2023/0085(COD))

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 b. 3c. Faoin ... [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], soláthróidh an Coimisiún tuarascáil maidir le húsáid maíomh comhshaoil sainráite i leith táirgí nó grúpaí táirgí ina bhfuil substaintí nó ullmhóidí/meascáin a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar thocsaineach, díobhálach don chomhshaol, carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh (CMR), rud is cúis le suaitheadh inchríneach ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol, airíonna marthanacha, inbhithbhailithe agus tocsaineacha (PBT), airíonna an-mharthanacha agus an-inbhithbhailithe (vPvB), airíonna marthanacha, soghluaiste agus tocsaineacha (PMT), nó airíonna an-mharthanacha agus an-soghluaiste (vPvM) mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus substaintí dá dtagraítear in Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear*** |


Aontaithe san éagsúlacht

***Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil sin ar cad iad na táirgí nó na grúpaí táirgí a bhfuil úsáid maíomh comhshaoil sainráite míthreorach ina leith agus déanfar measúnú inti ar an ngá atá le srianta nó toirmisc ar úsáid maíomh comhshaoil sainráite i gcás na dtáirgí sin nó na ngrúpaí táirgí sin d'fhonn maímh mhíthreoracha a chosc agus rannchuidiú le cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil.***

***I gcás inarb é conclúid na tuarascála go bhfuil úsáid maíomh comhshaoil sainráite i dtáirge nó i ngrúpa táirgí ina bhfuil substaintí nó ullmhóidí/meascáin dá dtagraítear i bhfomhír 1 míthreorach, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun na ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite a fhorlíonadh trí shrianta nó toirmisc a thabhairt isteach ar úsáid maíomh comhshaoil sainráite maidir leis an táirge nó an grúpa táirgí sin.***

Or. en

6.3.2024 A9-0056/150

**Leasú 150**
**Carlo Fidanza, Pietro Fiocchi**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0056/2024**
**Cyrus Engerer**
Bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl (Treoir maidir le Maímh Ghlasa)
(COM(2023)0166 – C9-0116/2023 – 2023/0085(COD))

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 17 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Agus cineál agus leibhéal na bpionós atá le forchur i gcás sáruithe á gcinneadh acu, tabharfaidh na húdaráis inniúla de chuid na mBallstát aird chuí ar a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) cineál, tromchúis, méid agus fad an tsáraithe;*** | |
| ***(b) cineál beartaithe nó faillíoch an tsáraithe agus aon bheart arna dhéanamh ag an trádálaí chun an díobháil a bhain do thomhaltóirí a mhaolú nó a leigheas, i gcás inarb infheidhme;*** | |
| ***(c) láidreacht airgeadais an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a bhreithnítear freagrach, a léirítear, mar shampla, trí láimhdeachas iomlán an duine dhlítheanaigh a bhreithnítear freagrach, nó ioncam bliantúil an duine nádúrtha a bhreithnítear freagrach;*** | |
| ***(d) na sochair eacnamaíocha a dhíorthaíonn siad siúd atá freagrach as an sárú;*** | |
| ***(e) aon sárú a rinne an duine nádúrtha nó an duine dlítheanach atá freagrach roimhe sin;*** | |
| ***(f) aon fhachtóir géaraitheach nó maolaithe eile is infheidhme maidir le himthosca an cháis;*** | |

***(g) pionóis a ghearrtar ar an trádálaí i leith an tsáraithe chéanna i mBallstáit eile i gcásanna trasteorann ina mbíonn faisnéis maidir leis na pionóis sin ar fáil tríd an sásra a bhunaítear le Rialachán (AE) 2017/2394, i gcás inarb infheidhme.***

Or. en

**Leasú 151**
**Carlo Fidanza, Pietro Fiocchi**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0056/2024**
**Cyrus Engerer**
Bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl (Treoir maidir le Maímh Ghlasa)
(COM(2023)0166 – C9-0116/2023 – 2023/0085(COD))

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 17 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfaidh na Ballstáit foráil go n-áireofar an méid seo a leanas sna pionóis agus sna bearta i leith sáruithe ar an Treoir seo:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) fíneálacha lena mbainfear go héifeachtach díobh siúd atá freagrach as na sáruithe a dhéanamh na sochair eacnamaíocha a dhíorthaíonn siad uathu, agus leibhéal na bhfíneálacha sin á mhéadú as sáruithe leantacha;*** | |
| ***(b) coigistiú ioncam arna bhfáil ag an trádálaí as idirbheart leis na táirgí ábhartha lena mbaineann;*** | |
| ***(c) eisiamh sealadach ar feadh uastréimhse 12 mhí ó phróisis soláthair phoiblí agus ó rochtain ar chistiú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais agus lamháltais.*** | |

Or. en



Aontaithe san éagsúlacht

6.3.2024 A9-0056/152

**Leasú 152**
**Carlo Fidanza, Pietro Fiocchi**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0056/2024**
**Cyrus Engerer**
Bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl (Treoir maidir le Maímh Ghlasa)
(COM(2023)0166 – C9-0116/2023 – 2023/0085(COD))

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 17 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Chun críocha phointe (a), áiritheoidh na Ballstáit, maidir le pionóis a ghearrfar i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2017/2394[115], gur 4 % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an trádálaí sa Bhallstát nó sna Ballstáit lena mbaineann a bheidh in uasmhéid na bhfíneálacha sin.*** | ***scriosta*** |

***[115] IO L 345, 27.12.2017, lch. 1.***

Or. en



Aontaithe san éagsúlacht